TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
EMILIOU
arna tabhairt an 6 Meitheamh 2024[1]

**Cás C-766/21 P**

**Parlaimint na hEorpa**
**v**
**Axa Assurances Luxembourg SA,**
**Bâloise Assurances Luxembourg SA,**
**La Luxembourgeoise SA,**

**Nationale-Nederlanden Schadeverzekering Maatschappij NV**

(Achomharc – Clásal eadrána i gconradh arna thabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach – Airteagail 123 agus 166 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta – Cosantóir mainneachtana – Breithiúnas mainneachtana – Iarratas chun breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal – Airteagail 41 agus 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – Inghlacthacht an achomhairc agus an chros-achomhairc)

## I. Réamhrá

1. Baineann na himeachtaí seo le hachomharc a rinne Parlaimint na hEorpa i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 29 Meán Fómhair 2021, *an Pharlaimint* v *Axa Assurances Luxembourg agus páirtithe eile*,[2] chomh maith le cros-achomharc a rinne Nationale-Nederlanden Schadeverzekering Maatschappij NV ('NN') i gcoinne an bhreithiúnais sin.

2. Sa Tuairim seo – an dara Tuairim agam sa chás seo, ós rud é gur athosclaíodh an nós imeachta ó bhéal tar éis mo chéad Tuairim a thabhairt an 18 Eanáir 2024[3] – déileálfaidh mé leis an tsaincheist ar cheart a dhearbhú go bhfuil an t-achomharc a rinne an Pharlaimint do-ghlactha, i bhfianaise na bprionsabal a eascraíonn as breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 18 Eanáir 2024, *Eulex Kosovo* v *SC*.[4]

[1] Bunteanga: an Béarla.

[2] T-384/19, EU:T:2021:630 ('an breithiúnas atá faoi achomharc').

[3] An Tuairim in *an Pharlaimint* v *Axa Assurances Luxembourg agus páirtithe eile* (C-766/21 P, EU:C:2024:63) ('mo chéad Tuairim').

[4] C-785/22 P, EU:C:2024:52 ('an breithiúnas in *Eulex Kosovo*').

## II. An dlí lena mbaineann

3. Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 41 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Reacht'):

'Má mhainníonn páirtí na cosanta, arna thoghairm go cuí, aighneachtaí scríofa cosanta a chomhdú, tabharfar breithiúnas mainneachtana i gcoinne an pháirtí sin. Féadfar agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin a thaisceadh laistigh de mhí tar éis é a fhógairt. [...]'

4. Foráiltear leis an gcéad mhír d'Airteagal 56 den Reacht:

'Laistigh de dhá mhí tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl, féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreitheanna críochnaitheacha na Cúirte Ginearálta agus i gcoinne bhreitheanna na Cúirte sin nach réitíonn na saincheisteanna substaintiúla ach go páirteach nó a réitíonn saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht.'

5. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 123 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta ('RPGG'), dar teideal 'Breithiúnais mhainneachtana':

'1. I gcás go gcinneann an Chúirt Ghinearálta gur mhainnigh cosantóir ar a ndearnadh iarratas tionscanta imeachtaí a sheirbheáil go cuí cosaint a thaisceadh san fhoirm iomchuí laistigh den teorainn ama [...] féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de theorainn ama a shocróidh an tUachtarán, breithiúnas mainneachtana a iarraidh ón gCúirt Ghinearálta.

[...]

3. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta breithiúnas i bhfabhar an iarratasóra sa bhreithiúnas mainneachtana, mura léir nach bhfuil dlínse ag an gCúirt Ghinearálta an chaingean a éisteacht agus breith a thabhairt ina taobh nó mura léir go bhfuil an chaingean do-ghlactha nó mura léir nach bhfuil aon bhunús dlí léi.

[...]'

6. Foráiltear le hAirteagal 166 de RPGC, dar teideal 'Iarratas ar bhreithiúnas mainneachtana a chur ar ceal':

'1. Féadfar iarratas de bhun Airteagal 41 den Reacht a dhéanamh ar bhreithiúnas mainneachtana a chur ar ceal.

2. Ní foláir an t-iarratas go gcuirfí an breithiúnas ar ceal a dhéanamh laistigh de mhí ó dháta an bhreithiúnais mainneachtana a sheirbheáil,...

3. Nuair a bheidh an t-iarratas seirbheáilte, forordóidh an tUachtarán teorainn ama ina bhféadfaidh an páirtí eile a bharúlacha i scríbhinn a thíolacadh.

[...]

5. Tabharfaidh an Chúirt Ghinearálta a breith trí bhreithiúnas nach féidir a chur ar ceal.'

## III. Cúlra don Tuairim seo

7. Leagtar amach na gnéithe is ábhartha de chúlra fíorasach agus dlíthiúil na díospóide, go dtí gur thug mé mo chéad Tuairim, i míreanna 13 go 31 den Tuairim sin. Ní dóigh liom gur gá athrá a dhéanamh orthu anseo.

8. I mo chéad Tuairim – a dhírigh, arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais, ar inghlacthacht an chros-achomhairc agus ar roinnt saincheisteanna nós imeachta eile – mhol mé go ndéanfadh an Chúirt Bhreithiúnais an méid seo a leanas: (i) a mheas go bhfuil freagra NN ar achomharc na Parlaiminte inghlactha, agus (ii) cros-achomharc NN a dhíbhe toisc é a bheith do-ghlactha. Mar mhalairt air sin, dá measfadh an Chúirt go raibh cros-achomharc NN inghlactha, mhol mé go gcuirfeadh an Chúirt míreanna 1 agus 3 den chuid oibríochtúil den bhreithiúnas atá faoi achomharc ar ceal mar gheall ar shárú ar Airteagal 123(3) de RPGC.[5]

9. An lá céanna ar tugadh mo chéad Tuairim, thug an Chúirt Bhreithiúnais (an Ceathrú Dlísheomra) an breithiúnas thuasluaite in *Eulex Kosovo*, agus pléifidh mé príomhghnéithe an bhreithiúnais úd go hachomair anois.

10. Ina caingean os comhair na Cúirte Ginearálta, d'iarr an t-iarratasóir sa chás sin go ndéanfaí cinneadh arna ghlacadh ag Eulex Kosovo a neamhniú agus cúiteamh as an damáiste a líomhnaítear a fulaingíodh mar gheall ar iompar Eulex Kosovo. Mar fhreagra air sin, d'ardaigh Eulex Kosovo pléadáil maidir le heaspa dlínse agus do-ghlacthacht i gcoinne na caingne sin, ach mhainnigh sé cosaint a thaisceadh laistigh den teorainn ama atá leagtha síos.

11. Rinne an t-iarratasóir iarratas chuig an gCúirt Ghinearálta ar bhreithiúnas mainneachtana. Ina breithiúnas, a tugadh trí mhainneachtain, rialaigh an Chúirt Ghinearálta i gcoinne Eulex Kosovo.[6]

12. Rinne Eulex Kosovo iarratas chun an breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal ar bhonn Airteagal 166 de RPGC agus, go gairid ina dhiaidh sin, rinne sé achomharc freisin i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Breithiúnais.

13. Ina breithiúnas, dhíbh an Chúirt Bhreithiúnais an t-achomharc, ar an bhforas 'nach bhfuil achomharc arna thionscnamh i gcoinne breithiúnas mainneachtana is ábhar d'iarratas chun é a chur ar ceal inghlactha'. Go háirithe, chinn an Chúirt 'ós rud é go bhfuil sé d'éifeacht ag [iarratas a thaisceadh chun breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal] na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a athoscailt, ní féidir breithiúnas mainneachtana a bhí ina ábhar [d'iarratas den sórt sin] a mheas mar chinneadh críochnaitheach, de réir bhrí Airteagal 56 den [Reacht]'.[7]

14. I bhfianaise an bhreithiúnais in *Eulex Kosovo*, sa chás seo, chinn an Chúirt Bhreithiúnais (an Tríú Dlísheomra), le hordú an 20 Márta 2024, an chuid ó bhéal den nós imeachta a athoscailt agus éisteacht a thionól, ionas go bhféadfadh na páirtithe díospóireacht a dhéanamh air, agus go dtiocfadh an tAbhcóide Ginearálta ar chonclúid maidir leis an mbrí atá le tabhairt do shleachta an bhreithiúnais thuasluaite agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar na himeachtaí seo, go háirithe maidir le hinghlacthacht achomharc na Parlaiminte. Sa chomhthéacs sin, chuir an Chúirt dhá cheist ar na páirtithe le freagairt ag an éisteacht.

[5] Tá na conclúidí sin fós bailí. Dá bhrí sin, ní phléifidh mé gnéithe gaolmhara na díospóide seo.

[6] Breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2022, *SC* v *Eulex Kosovo* (T-242/17 RENV, EU:T:2022:637).

[7] Míreanna 31 agus 32 den bhreithiúnas in *Eulex Kosovo*.

15. Chuir Axa Assurances Luxembourg SA, Bâloise Assurances Luxembourg SA, La Luxembourgeoise SA, (le chéile, 'na cosantóirí eile'), NN[8] agus an Pharlaimint a dtuairimí i láthair agus d'fhreagair siad na ceisteanna ag an éisteacht os comhair na Cúirte, a tionóladh an 17 Aibreán 2024.

## IV. Anailís

16. Is é mo thuairim go bhfuil an t-achomharc a rinne an Pharlaimint inghlactha. Mar a mhíneoidh mé thíos, murab ionann agus na hargóintí a d'ardaigh na cosantóirí ag an éisteacht, níl a mhalairt de chonclúid ag teacht le rialacha nós imeachta ábhartha an Aontais, ná leis an mbreithiúnas in *Eulex Kosovo*.

### *A. An breithiúnas atá faoi achomharc mar bheart breithiúnas*

17. I dtús báire, ba mhaith liom a chur in iúl go láidir nach breithiúnas mainneachtana de réir bhrí Airteagal 41 den Reacht *ina iomláine* é an breithiúnas atá faoi achomharc. Leanann sé sin, ar an gcéad dul síos, ó fhoclaíocht shoiléir na forála sin: 'má mhainníonn páirtí na cosanta, arna thoghairm go cuí, aighneachtaí scríofa cosanta a chomhdú, tabharfar breithiúnas mainneachtana *i gcoinne an pháirtí sin*'.[9]

18. Dá bhrí sin, níor tugadh ach an chuid den bhreithiúnas a bhaineann le NN trí mhainneachtain, ós rud é gurb é an páirtí sin 'a mhainnigh aighneachtaí scríofa cosanta a chomhdú'. Tá an chuid eile den bhreithiúnas éagsúil ina leith sin, ós rud é go raibh na cosantóirí eile ag an gcéad chéim rannpháirteach go cuí sna himeachtaí sin.

19. Ar an dara dul síos, léirítear cineál ilchodach an bhreithiúnais atá faoi achomharc ina struchtúr agus ina ábhar freisin. Tá sé roinnte ina dhá chuid: baineann ceann amháin le héilimh na Parlaiminte i gcoinne NN (míreanna 45 go 61 d'fhorais an bhreithiúnais agus míreanna 1 agus 3 den chuid oibríochtúil), agus baineann an ceann eile le héilimh na Parlaiminte i gcoinne na dtrí chosantóir eile (míreanna 62 go 138 d'fhorais an bhreithiúnais agus míreanna 2 agus 4 den chuid oibríochtúil). Dá bhrí sin, tá an dá chuid den bhreithiúnas éagsúil agus neamhspleách.

20. Is é is cúis leis sin ná cé go ndearna an Chúirt Ghinearálta scrúdú sa dara cuid den bhreithiúnas ar éilimh an iarratasóra trí athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na fíorais agus ar an dlí ábhartha, scrúdaigh sí, sa chéad chuid, a héilimh faoin tástáil a leagtar amach in Airteagal 123(3) de RPGC, lena mbunaítear, mar a luaigh mé i mo chéad Tuairim, athbhreithniú de chineál 'saoráideach'.[10]

21. Is ar an gcúis sin ba cheart a mheas gur 'beart breithiúnas' é an breithiúnas atá faoi achomharc. Déanann sé difear do sheasamh dlíthiúil na gceithre chosantóir ar bhealach aonair sonrach.[11] Go deimhin, d'fhéadfadh an Pharlaimint caingean ar leithligh a thaisceadh i gcoinne gach cosantóra, rud a d'fhágfadh go mbeadh ceithre bhreithiúnas ar leith ón gCúirt Ghinearálta ann.

[8] Déanfar tagairt anseo feasta do NN agus do chosantóirí eile mar 'na cosantóirí'.

[9] Béim curtha leis.

[10] Mír 132 de mo chéad Tuairim.

[11] Féach, de réir analaí, breithiúnais an 6 Samhain 1990, *Weddel* v an *Coimisiún* (C-354/87, EU:C:1990:371, mír 23).

22. Mar a thug an Pharlaimint dá haire i gceart ag an éisteacht, cé go bhfuil na ceithre chosantóir faoi cheangal ag an gconradh céanna, ní eisiatar an fhéidearthacht go bhféadfaí a seasamh dlíthiúil a dhifreáil. Tá sé sin fíor *a fortiori* sa chás seo, ós rud é go mbunaítear leis an gconradh atá i gceist cineál dliteanais chomhpháirtigh, nach bhfuil ar leithridh, i measc na gceithre chuideachta árachais. Ina theannta sin, ní cheanglaítear le haon ní sa chonradh, lena n-áirítear sa chlásal eadrána a leagtar amach in Airteagal I.19 de, ar an bParlaimint gníomhú go comhuaineach i gcoinne na gcosantóirí go léir.

23. Cé gur roghnaigh an Pharlaimint gníomhú i gcoinne na gcosantóirí laistigh den nós imeachta breithiúnach céanna, ní athraíonn sé sin aon rud ina leith sin. Go deimhin, ní gá go mbeadh toradh nós imeachta amhail an nós imeachta atá ann faoi láthair mar an gcéanna do na cosantóirí go léir lena mbaineann. D'fhéadfadh na cosantóirí, mar shampla, línte éagsúla cosanta a roghnú nó d'fhéadfadh cuid acu cinneadh a dhéanamh an cás a réiteach leis an iarratasóir, rud a d'fhéadfadh, mar mhalairt air sin, cuid dá éilimh a tharraingt siar. [12]

24. Ní chaitheann an breithiúnas in *Eulex Kosovo* amhras ar an méid thuas. Go deimhin, mar a luaitear i míreanna 10 go 12 thuas, bhain an díospóid sin le cosantóir aonair, a mhainnigh cosaint a thíolacadh laistigh den tréimhse fhorordaithe. Comhlíonadh an nós imeachta iomlán ag an gcéad chéim *in absentia* agus, dá bhrí sin, tugadh an breithiúnas iomlán trí mhainneachtain. Dá bhrí sin, bhí an breithiúnas iomlán ina ábhar don nós imeachta arna thionscnamh ag an gcosantóir faoi Airteagal 166 de RPGC. [13]

25. Ní hamhlaidh atá sa chás seo ós rud é, ina iarratas faoi Airteagal 166 de RPGC, [14] nár iarr NN ach míreanna 1 agus 3 den chuid oibríochtúil den bhreithiúnas atá faoi achomharc a neamhniú. Tar éis an tsaoil, ní fhéadfadh sé a bheith ar shlí eile: is iad sin an t-aon chuid den bhreithiúnas a tugadh – agus úsáid á baint as téarmaí Airteagal 41 den Reacht – *trí mhainneachtain i gcoinne* NN.

### *B. Cineál críochnaitheach go páirteach an bhreithiúnais atá faoi achomharc*

26. Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach ndéantar cineál cinntitheach bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i leith éilimh na Parlaiminte i gcoinne na gcosantóirí eile a bhaint de bharr gur mhainnigh duine de na cosantóirí sa díospóid atá i gceist ráiteas cosanta ag an gcéad chéim a thíolacadh.

27. A mhéid a bhaineann leis na cosantóirí sin, is 'cinneadh críochnaitheach' é an breithiúnas sin de réir bhrí na chéad mhíre d'Airteagal 56 den Reacht agus, dá bhrí sin, féadfaidh sé a bheith faoi réir achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais. Maidir leis na codanna sin den bhreithiúnas atá faoi achomharc, níl aon leigheas dlí eile fós ar oscailt, chun úsáid a bhaint as an bhfriotal a d'úsáid an Chúirt Bhreithiúnais i mír 29 den bhreithiúnas in *Eulex Kosovo*.

28. Go háirithe, ní féidir amhras a tharraingt ar na codanna sin i gcomhthéacs nós imeachta arna thionscnamh ag an gcosantóir mainneachtana faoi Airteagal 166 de RPGC. Bheadh staid sách corr mar thoradh ar an gconclúid eile. Bheadh ar an gCúirt Ghinearálta athscrúdú a dhéanamh ní

[12] Go deimhin, sa chás seo, bhí toradh difriúil ar na himeachtaí do NN agus do na cosantóirí eile, cé go raibh sé sin mar thoradh ar earráid dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta, dar liom. Féach míreanna 120 go 148 de mo chéad Tuairim.

[13] Féach mír 32 den bhreithiúnas in *Eulex Kosovo*.

[14] Cás T-384/19 OP, *an Pharlaimint* v *Axa Assurances Luxembourg agus Eile*, ar feitheamh faoi láthair.

hamháin ar na hábhair a measúnaíodh ar bhonn scrúdú de chineál saoráideach ar na fíorais agus na dlíthe ábhartha (i leith NN),[15] ach freisin ar na cinn ar a ndearna sí measúnú iomlán orthu (i leith na gcosantóirí eile).

29. Thairis sin, bheadh air é sin a dhéanamh in ainneoin nach nglacann na cosantóirí eile páirt sa nós imeachta chun an breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal. Go deimhin, soiléirítear in Airteagal 166 de RPGC nach bhféadfadh ach 'an páirtí eile' (is é sin le rá, an t-iarratasóir) a bharúlacha a chur isteach sa nós imeachta arna spreagadh ag iarratas an chosantóra breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal. I mo thuairimse, is ar éigean a bheadh cás den sórt sin comhsheasmhach leis an ngá atá le cearta cosanta na gcosantóirí eile agus prionsabal chomhionannas na n-arm a chosaint.

30. Go deimhin, d'fhéadfaí a mhaíomh nach gá, i gcásanna áirithe, go gcuirfí cosc ar an bhféidearthacht go mbeadh níos mó ná páirtí amháin ann mar gheall ar úsáid an uatha sa téarma 'páirtí' san fhoráil sin – rud a chuirfinn leis, atá comhsheasmhach i ngach leagan teanga de RPGC.

31. Mar sin féin, bheadh léiriú den sórt sin ar Airteagal 166 de RPGC glan in aghaidh loighic an tsásra dá bhforáiltear ann. Ní foirm achomhairc ná athbhreithniú ar bhreithiúnas é an nós imeachta a leagtar síos san fhoráil sin. Ina ionad sin, is feiste nós imeachta é lena gceadaítear imeachtaí cáis a athoscailt,[16] lena gcuirtear ar chumas an pháirtí mainneachtana páirt a ghlacadh sa nós imeachta ionas gur féidir rialú a dhéanamh faoi dheireadh ar ábhar a breithníodh go sealadach ar *altera parte inudita*[17] tar éis nós imeachta sáraíochta ina n-urramaítear an prionsabal *audi alteram partem*.[18] Ón taobh sin de, is léir nach gá do na cosantóirí eile a bheith rannpháirteach i nós imeachta a thionscnaítear faoi Airteagal 166 de RPGC toisc gur éisteadh leo cheana féin.

32. Sa chomhthéacs sin, ba mhaith liom a chur leis freisin, go mbeadh an baol ann go réiteofaí an bealach le haghaidh mí-úsáidí nós imeachta le léiriú difriúil ar Airteagal 166 de RPGC. Go deimhin, in imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne go leor comhchosantóirí, d'fhéadfadh duine acu a roghnú go straitéiseach bac a chur ar an gcéad sraith imeachtaí ionas, dá gcaillfeadh na cosantóirí eile, go gcuirfeadh an t-iarratas chun an breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal ar chumas gach cosantóra 'an dara hiarraidh' a thabhairt ar a gcás. Sa tsraith nua imeachtaí seo, bheadh sé de bhuntáiste ag na cosantóirí freisin a bheith ar an eolas faoi na cúiseanna ar mhainnigh na hargóintí ar a raibh siad ag brath go dtí seo a chur ina luí ar an gCúirt Ghinearálta.[19] Ina theannta sin, dhéanfadh sé sin laghdú suntasach ar éifeachtacht na bhforálacha maidir le hualach líomhnaithe na bpáirtithe a áirítear sna Rialacha Nós Imeachta in imthosca den sórt sin.[20]

33. Dá bhrí sin, níl aon bhunús ann lena mheas go mbaineann cineál sealadach cuid de bhreithiúnas mainneachtana leis na codanna eile den bhreithiúnas inar scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta ábhair i gcomhthéacs nós imeachta sáraíochta agus inar thug sí rialú agus láneolas

[15] Féach, ina leith sin, míreanna 130 go 132 de mo chéad Tuairim.

[16] Féach mír 31 den bhreithiúnas in *Eulex Kosovo*.

[17] Féach, chuige sin, mír 40 de mo chéad Tuairim.

[18] Maidir le tábhacht an phrionsabail sin in imeachtaí breithiúnacha an Aontais, féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *Landesbank Baden-Württemberg agus BRA* (C-584/20 P agus C-621/20 P, EU:C:2021:601, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[19] Agus an réasúnaíocht sin á brú *ad absurdum*, d'fhéadfaí fiú smaoineamh ar chásanna ina gcinneann roinnt comhchosantóirí gan páirt a ghlacadh sa chéad sraith imeachtaí, agus ansin go ndéanann siad agóid, ceann ar cheann, faoi Airteagal 166 de RPGC, i gcoinne bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta, rud a d'fhágfadh go mbeadh 'tuile' imeachtaí céadchéime ann. Go deimhin, go dtí go mbeidh páirt chuí glactha ag na comhchosantóirí uile sna himeachtaí, beidh cuid den bhreithiúnas ann i gcónaí a thugtar trí mhainneachtain.

[20] Féach, go háirithe, Airteagal 84 ('Pléadálacha nua dlí') agus Airteagal 85 ('Fianaise a tugadh ar láimh nó a tairgeadh') de RPGC.

aici ar argóintí fíorais agus dlí a chuir na páirtithe uile lena mbaineann ar aghaidh. Dá réir sin, is féidir agóid a dhéanamh i gcoinne na gcodanna sin den bhreithiúnas trí achomharc a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcomhréir le hAirteagal 56 den Reacht.

## *C. Teorainn ama chun achomharc a thaisceadh*

34. Ag an éisteacht, mhol na cosantóirí léiriú malartach ar an gcreat nós imeachta ábhartha freisin. D'áitigh siad, maidir leis na cosantóirí eile, go bhfuil an breithiúnas atá faoi achomharc críochnaitheach go deimhin (mar a dhearbhaigh an Pharlaimint freisin), ach nach féidir agóid a dhéanamh ina choinne ar achomharc go dtí go mbeidh an nós imeachta chun an breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal, arna thionscnamh ag NN, curtha i gcrích. Dar leo, bheadh gá leis sin chun cearta cosanta NN a chosaint agus chun an baol go mbeadh cinntí ag teacht salach ar a chéile maidir leis na ceisteanna céanna a sheachaint.

35. Ní aontaím leis na hargóintí sin.

36. Tá foclaíocht na chéad mhíre d'Airteagal 56 den Reacht an-soiléir trína shonrú gur cheart achomharc i gcoinne (*inter alia*) breithe críochnaithí ón gCúirt Ghinearálta a thabhairt 'laistigh de dhá mhí tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl'. Ní fhoráiltear d'aon eisceacht ar an riail sin in aon fhoráil den Reacht, de RPGC ná de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais ('RPCJ'). [21]

37. Bheadh argóint na gcosantóirí ar neamhréir freisin le prionsabal dhea-riaradh an cheartais, ar dhá chúis ar a laghad.

38. Ar an gcéad dul síos, chuirfeadh sé síneadh suntasach le fad na n-imeachtaí – agus staid na héiginnteachta dlíthiúla a tharlódh dá bharr – maidir leis na codanna den díospóid nach bhfuil faoi réir an nós imeachta faoi Airteagal 166 de RPGC. Ar an dara dul síos, thabharfadh sé sin, *de facto*, tréimhse níos faide (agus, níos minice ná a mhalairt, tréimhse shuntasach) do na páirtithe a bhfuil sé ar intinn acu achomharc a dhéanamh i gcoinne na gcodanna den bhreithiúnas nár tugadh trí mhainneachtain chun a n-achomharc a ullmhú. Tá sé sin contrártha do phrionsabal chomhionannas na n-arm a mhéid nach mbeadh ach 2 mhí ag na páirtithe eile sa chás ábhartha os comhair na Cúirte Ginearálta (go háirithe iad siúd atá ag cur i gcoinne fhoirm an ordaithe atá á lorg ag an achomharcóir) chun freagra a thabhairt ar argóintí an achomharcóra. [22]

39. Ní chuireann an baol maidir le cinntí contrártha tarraingthe anuas ag na cosantóirí sin ina luí orm ach oiread. Tá sásraí sonracha nós imeachta ann a ceapadh chun na críche sin. Go háirithe, de bhun Airteagal 54 den Reacht, Airteagal 69 de RPGC agus Airteagal 55 de RPCJ, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta agus an Chúirt Bhreithiúnais araon a ordú, i gcásanna amhail an cás atá i gceist sa chás seo, bac a chur ar imeachtaí go dtí go mbeidh a breithiúnas tugtha ag an gCúirt eile.

40. Go deimhin, is é sin a tharla sa díospóid seo, ós rud é go bhfuil an nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta chun an breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal arna thionscnamh ag NN curtha ar fionraí go dtí go ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh sna himeachtaí achomhairc seo.

[21] D'fhéadfadh sé gur fiú a lua go bhfuil roinnt forálacha sa dá chomhlacht rialacha lena gceadaítear, in imthosca áirithe, roinnt teorainneacha ama a leagtar amach iontu a chur ar fionraí. Féach, go háirithe, Airteagal 55(3), Airteagal 71(2) agus Airteagal 147(7) de RPGC, agus Airteagal 46(3), Airteagal 55(5) agus Airteagal 186(3) de RPCJ.

[22] Féach Airteagal 172 de RPCJ, ina luaitear freisin 'nach gcuirfear síneadh leis an teorainn ama chun freagra a chur isteach'.

41. Sa chomhthéacs sin, leagfainn béim freisin nach gá go dtabharfaí le tuiscint go bhfuil cinntí contrártha ann mar gheall ar an bhféidearthacht go mbeadh torthaí éagsúla in imeachtaí ar leithligh, i gcás amhail an cás atá idir lámha. Go deimhin, mar a luaigh mé cheana i mír 23, d'fhéadfadh difríocht an-mhór a bheith idir seasamh na gcosantóirí éagsúla agus seasamh substainteach agus seasamh nós imeachta araon. Ar aon nós, is gnách gurb í an Chúirt Bhreithiúnais atá freagrach as comhsheasmhacht a áirithiú sa chásdlí, trí rialú a thabhairt ar achomharc nó ar achomhairc i gcoinne cinntí a tugadh ag an gcéad chéim.

42. Níl mé cinnte ach an oiread faoi na hargóintí a bhaineann le sárú ar cheart cosanta an chosantóra mainneachtana. Má thuigim i gceart é, is mar seo a leanas a bheadh brí na hargóinte: d'fhéadfaí aon tábhacht a bhaint den nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta chun an breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal, ós rud é go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais rialú go cinntitheach ar na saincheisteanna ábhartha i gcomhthéacs an achomhairc arna thionscnamh ag na cosantóirí eile.

43. Mar sin féin, ar na cúiseanna a mhínítear i míreanna 44 go 65 de mo chéad Tuairim, ós rud é go raibh NN ina chosantóir ag an gcéad chéim, agus go bhfuil 'leas aige san achomharc a bheith ceadaithe nó a bheith dífe', tá cead aige freagra a thíolacadh ar an achomharc a rinne an Pharlaimint. Ní athraíonn an fíoras, ag an gcéad chéim, gur cosantóir *mainneachtana* a bhí ann. Is é ceann de na cúiseanna atá le mo sheasamh ina leith sin ná, i bhfianaise chosúlacht na saincheisteanna a bhfuiltear le déileáil leo sa dá shraith imeachtaí (na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta chun an breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal, agus an t-achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais), gur ghá ceart NN chun leigheas éifeachtach a fháil agus a cheart chun éisteacht a fháil a chosaint.

44. Dá bhrí sin, ceadaítear do NN a thuairimí a chur in iúl maidir le gach saincheist ar a bhféadfaidh an Chúirt rialú ar achomharc. Sna himthosca sin, ní féidir aon sárú a dhéanamh ar a cheart chun éisteacht a fháil.

45. D'fhéadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil do NN go bhfuil a sheasamh dlíthiúil á mheasúnú in dhá shraith imeachtaí ar leith (*go díreach* os comhair na Cúirte Ginearálta sa nós imeachta chun an breithiúnas mainneachtana a chur ar ceal, agus *go hindíreach* os comhair na Cúirte Breithiúnais sa nós imeachta achomhairc) ach níl ann ach toradh ar a rogha féin gan a bheith sna himeachtaí bunaidh arna dtionscnamh ag an bParlaimint.

46. Ar deireadh, ní chuirfinn leis ach go dtugann léiriú malartach na gcosantóirí ar an gcreat nós imeachta ábhartha chun cuimhne an dúil mar a léirítear é sa nath cainte 'an craiceann agus a luach' a bheith ag duine. Go deimhin, molann siad go mbeadh cinntí na Cúirte Ginearálta maidir le héilimh na Parlaiminte i gcoinne na gcosantóirí eile 'críochnaitheach' ag an am céanna, ós rud é nach bhfuil siad faoi réir an nós imeachta arna thionscnamh ag NN faoi Airteagal 166 de RPGC, agus nach bhfuil siad fós faoi réir aon achomhairc fad atá an nós imeachta sin ar feitheamh.

47. I mo thuairimse, ní féidir ach ceann amháin den dá hipitéis a bheith ceart: leis an nós imeachta faoi Airteagal 166 de RPGC, tá gach rud 'ar an mbord' arís, nó d'fhéadfadh na codanna críochnaitheacha den bhreithiúnas faoi achomharc a bheith faoi réir achomhairc laistigh den teorainn ama chaighdeánach 2 mhí. Ar na cúiseanna a mhínítear sa Tuairim seo, is é mo thuairim dhaingean gurb é an ceann deireanach sin an ceann ceart. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil achomharc na Parlaiminte inghlactha.

## V. Conclúid

48. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, molaim go ndearbhóidh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil an t-achomharc a rinne Parlaimint na hEorpa inghlactha.